



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Lúnasa 2020
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0175(NLE)

10241/20
ADD 1

ACP 76
COASI 98
RELEX 593
WTO 138

TOGRA

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Lúnasa 2020
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2020) 374 final - ANNEX
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, maidir le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a bhunú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 374 final - ANNEX.

Faoi iamh: COM(2020) 374 final - ANNEX



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.8.2020
COM(2020) 374 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoiste um
Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an
Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, maidir le
Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí
Speisialta a bhunú**

DRÉACHT

CINNEADH UIMH. XX/2020 ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EATRAMHACH IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS STÁIT AN AIGÉIN CHIÚIN, DEN PHÁIRT EILE

ón ...

a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a ghlacadh

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL IDIR AN tAONTAS AGUS STÁIT AN AIGÉIN CHIÚIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, lena mbunaítear creat le haghaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (dá ngairtear “an Comhaontú” anseo feasta) idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile¹, arna síniú i Londain an 30 Iúil 2009, agus go háirithe Airteagal 68 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 68 den Chomhaontú bunaítear an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus foráiltear go leagfaidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a rialacha nós imeachta síos.
- (2) Le hAirteagal 68 foráiltear freisin go dtarmilgfidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin cumhachtaí sonracha cinnteoireachta cur chun feidhme chuig na Coistí Speisialta, mar a fhoráiltear dó i bhforálacha ábhartha an Chomhaontaithe.

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

Leagtar síos Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus na gCoistí Speisialta de réir mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn.

Arna dhéanamh ag ...,

Thar ceann an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin

Thar ceann an Aontais

Thar ceann Stáit an Aigéin Chiúin

¹ Cinneadh 2009/729/CE ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eatramhaigh idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile (IO L 272, 16.10.2009, lch. 1).

Iarscríbhinn

RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOISTE UM THRÁDÁIL IDIR AN tAONTAS AGUS STÁIT AN AIGÉIN CHIÚIN

arna leagan síos le hAirteagal 68 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile

Airteagal 1

Ról agus Ainm an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin

1. Tá an Coiste arna bhunú de bhun Airteagal 68 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, (dá ngairtear “an Comhaontú” anseo feasta) freagrach as gach ábhar dá dtagraítear in Airteagal 68 den Chomhaontú.
2. Tabharfar “an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin” ar an gCoiste thuasluaite i ndoiciméid an Choiste, lena n-áirítear cinntí agus moltaí.

Airteagal 2

Comhdhéanamh agus Cathaoirleach

1. De bhun Airteagal 68(1) den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ó Stáit an Aigéin Chiúin.
2. Beidh ionadaíocht na bPáirtithe ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach de ghnáth, nó, go heisceachtúil, ar leibhéal na n-airí aon uair a mheasfaidh na Páirtithe gur gá sin.
3. Is iad an Comhalta den Choimisiún Eorpach atá freagrach as trádáil agus an t-ionadaí ó cheann amháin de Stáit an Aigéin Chiúin, nó daoine a ainmneoidh siadsan faoi seach, a bheidh ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin ar leibhéal na n-airí. Chun an fheidhm sin a fheidhmiú, déanfaidh Stáit an Aigéin Chiúin a n-ionadaí a rothlú de réir na haibítre gach 12 mhí. Tosóidh an chéad rothlú ar dháta glactha rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus tiocfaidh deireadh leis an 31 Nollaig an bhliain dá éis sin.
4. Oifigeach sinsearach ón gCoimisiún Eorpach atá ina ionadaí ar an Aontas Eorpach agus oifigeach sinsearach ó Stáit an Aigéin Chiúin atá ina ionadaí ar Stáit an Aigéin Chiúin a bheidh ina gcomhchathaoirligh ar an gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach. Chun an fheidhm sin a fheidhmiú, déanfaidh Stáit an Aigéin Chiúin a n-ionadaí a rothlú i gcomhréir leis an aibítir gach 12 mhí. Tosóidh an chéad rothlú ar dháta glactha rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus tiocfaidh deireadh leis an 31 Nollaig an bhliain dá éis sin.
5. Beidh na cumhachtaí is gá ag na comhchathaoirligh ó gach Páirtí ionadaíocht a dhéanamh ar an Aontas Eorpach nó Stáit an Aigéin Chiúin, faoi seach.
6. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigh shinsearaigh ar a bhfuil sé de chúram comhchathoirleacht a dhéanamh ar an gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin thar ceann an

Pháirtí sin. Measfar go bhfuil an t-údarás ag an oifigeach sinsearach sin ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoi chomhchathaoirleach nua.

Airteagal 3

An Rúnaíocht

1. Beidh oifigeach ón gCoimisiún Eorpach agus oifigeach ó Stáit an Aigéin Chiúin ag gníomhú le chéile mar Rúnaí ar an gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin. Chun an fheidhm sin a fheidhmiú, déanfaidh Stáit an Aigéin Chiúin a n-ionadaí a rothlú i gcomhréir leis an aibítir gach 12 mhí. Tosóidh an chéad rothlú ar dháta glactha rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus tiocfaidh deireadh leis an 31 Nollaig an bhliain dá éis sin.
2. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigigh atá ina Rúnaí ar an gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin thar ceann an Pháirtí sin. Measfar go leanann an t-oifigeach sin de bheith ag gníomhú mar Rúnaí thar ceann an Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoi Rúnaí nua.

Airteagal 4

Cruinnithe

1. Tiocfaidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin le chéile uair sa bhliain, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt, nó i gcásanna práinneacha arna iarraidh sin do cheachtar den dá Pháirtí.
2. Tionólfar na cruinnithe ar an dáta agus ag an am a shocrófar ar bhonn idirmhalartach sa Bhruiséil agus i gceann de phríomhchathracha Stáit an Aigéin Chiúin, mura gcomhaontóidh na comhchathaoirligh a mhalairt.
3. Is é comhchathaoirleach ceannais an Pháirtí a mbeidh an cruinniú á óstáil aige a thionólfadh na cruinnithe.
4. Féadfar cruinniú a reáchtáil go pearsanta, nó trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil.
5. Féadfaidh tíortha a léirigh go hoifigiúil go bhfuil sé de rún acu aontú don Chomhaontú a bheith rannpháirteach sna cruinnithe mar bhreathnadóirí má chomhaontaíonn na Páirtithe leis sin.

Airteagal 5

Toscaireachtaí

30 lá roimh an gcrúinniú, cuirfidh Rúnaí an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin thar ceann gach Páirtí Rúnaí an Pháirtí eile ar an eolas faoi chomhdhéanamh na dtoscaireachtaí atá beartaithe ag an Aontas Eorpach agus ag Stáit an Aigéin Chiúin faoi seach. Sonrófar ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht sa liosta.

Airteagal 6

Doiciméid

I gcás ina mbeidh plé an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin bunaithe ar dhoiciméid tacaíochta i scríbhinn, déanfaidh an Rúnaí na doiciméid sin a uimhriú agus a scaipeadh mar dhoiciméid de chuid an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin.

Airteagal 7

Comhfhreagras

1. Cuirfear gach comhfhreagras a sheolfar chuig an gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin ar aghaidh chuig an Rúnaí.
2. Dáilfidh an Rúnaí comhfhreagras ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin ar na Páirtithe.

Airteagal 8

Clár oibre na gcruinnithe

1. Laistigh de thréimhse réasúnta ama roimh chruinniú, ach gan an tréimhse sin a bheith níos lú ná seasca lá roimhe, dréachtóidh Rúnaí an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin clár oibre sealadach le haghaidh gach cruinnithe ar bhonn togra ón bPáirtí a mbeidh an cruinniú á óstáil aige, agus beidh ceithre lá dhéag ar a laghad ag gach Páirtí eile chun barúlacha a sholáthar.
2. Glacfaidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin an clár oibre ag tús gach cruinnithe. Féadfar míreanna nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre de chomhthoil.

Airteagal 9

Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe

Trí chomhaontú frithpháirteach, féadfaidh comhchathaoirligh an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin cuireadh a tabhairt do shaineolaithe (i.e. saineolaithe nach oifigigh rialtais iad) freastal ar chruinnithe den Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin chun faisnéis a sholáthar maidir le hábhair shonracha, agus is le haghaidh na gcodanna sin amháin den chruinniú lena mbaineann na hábhair shonracha sin a bheidís i láthair.

Airteagal 10

Miontuairiscí

1. Is é Rúnaí an Pháirtí a mbeidh an cruinniú á óstáil aige a dhréachtóidh dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú laistigh de thríocha lá ó dheireadh an chruinnithe, mura gcinntí na comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig Rúnaí an Pháirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.
2. I gcás ina mbeidh feidhm ag na rialacha seo nuair a thiocfaidh fochoistí le chéile, cuirfear miontuairiscí chruinniú na bhfochoistí ar fáil le haghaidh aon chruinniú de chuid an Choiste um Thrádáil a bheidh ann dá éis sin.
3. Mar riail ghinearálta, déanfar achoimre sna miontuairiscí ar gach ítim ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas i gcás inarb infheidhme:
 - (a) na doiciméid ar fad arna gcur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin;

- (b) aon ráiteas a d'iarr comhalta de na toscaireachtaí atá rannpháirteach sa Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a chur leis na miontuairiscí; agus
 - (c) na cinntí a rinneadh, na moltaí a rinneadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i dtaobh ítimí sonracha.
4. Áireofar sna miontuairiscí liosta de chinntí uile an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a rinneadh trí nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 11(2) ón uair dheireanach a raibh cruinniú ag an gCoiste.
 5. Áireofar in Iarscríbhinn a ghabhfaidh leis na miontuairiscí liosta de na rannpháirtithe i gcrúinniú an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin freisin.
 6. Déanfaidh an Rúnaí na dréacht-mhiontuairiscí a choigeartú ar bhonn na mbarúlacha a fuarthas agus déanfaidh na Páirtithe na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas laistigh de sheasca lá ó dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta eile arna chomhaontú ag na comhchathaoirligh. Nuair a bheidh siad formheasta, síneoidh an Rúnaí dhá scríbhinn bhunaidh de na miontuairiscí agus gheobhaidh an tAontas Eorpach agus Stáit an Aigéin Chiúin araon scríbhinn bhunaidh amháin díobh.
 7. Ullmhóidh Rúnaí an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin comhchonclúidí agus comhráitis freisin a bheidh le formheas ag na Páirtithe ag deireadh an chruinnithe.

Airteagal 11

Cinntí agus moltaí

1. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin cinntí agus moltaí a ghlacadh maidir le gach ábhar dá bhforáiltear amhlaidh leis an gComhaontú. Glacfaidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin cinntí agus moltaí de chomhthoil.
2. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn, má thóilíonn na Comhchathaoirligh leis sin. Chun na críche sin, cuirfidh Comhchathaoirleach amháin téacs an chinnidh nó an mholta atá beartaithe i láthair i scríbhinn don Chomhchathaoirleach eile. Beidh dhá mhí ag an gComhchathaoirleach a fuair an cinneadh nó an moladh atá beartaithe, nó aon tréimhse níos faide ná sin a chinnfear i dtogra an Chomhchathaoirligh, aontú leis nó moladh a dhéanamh ina leith. Mura gcuirfidh an Páirtí eile in iúl go n-aontaíonn sé leis, pléifear an cinneadh nó an moladh atá beartaithe agus féadfar é a ghlacadh ag an gcéad chruinniú eile den Choiste. Measfar na Dréachtchinnntí nó na dréachtmholtaí a bheith glactha a luaithe a chuirfidh an Páirtí eile in iúl go n-aontaíonn sé leo agus déanfar an méid sin a thaifeadadh sna miontuairiscí ag an gcéad chruinniú eile den Choiste de bhun Airteagal 10(4).
3. I gcás ina dtabharfar an chumhacht don Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar “Cinneadh” nó “Moladh” ar na gníomhartha sin, faoi seach. Cuirfidh Rúnaíocht an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin sraithuimhir chéimnitheach, dáta glactha agus tuairisc ar an ábhar le haon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.

4. Déanfaidh na Comhchathaoirligh cinntí agus moltaí a ghlac an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a fhíordheimhniú.
5. Gheobhaidh an tAontas Eorpach agus Stáit an Aigéin Chiúin leagan bunaidh barántúil de gach cinneadh agus moladh.

Airteagal 12

Trédhearcacht

1. Féadfaidh na Páirtithe cinneadh a dhéanamh teacht le chéile go poiblí.
2. Féadfaidh gach Páirtí cinneadh a dhéanamh maidir le cinntí agus moltaí an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin.
3. Ba cheart gach doiciméad a chuirfidh Páirtí isteach a mheas mar dhoiciméad rúnda, mura gcinnfidh an Páirtí sin a mhalairt.
4. Cuirfear cláir oibre shealadacha na gcuinnithe ar fáil go poiblí sula mbeidh cruinnithe an Choiste ann. Cuirfear na comhchonclúidí agus na comhráitis ar fáil go poiblí tar éis a bhformheasta i gcomhréir le hAirteagal 10.
5. Foilseofar na doiciméid a luaitear faoi mhíreanna 2 go 4 i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme de chuid gach Páirtí.

Airteagal 13

Teangacha

1. Béarla a bheidh ina theanga oibre ag an gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin.
2. Glacfaidh an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin cinntí nó moltaí a bhaineann leis an gComhaontú a leasú nó a léirmhíniú i dteangacha théacsanna barántúla an Chomhaontaithe. Glacfar gach cinneadh nó moladh eile ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin, lena n-áirítear an ceann lena nglacfar na rialacha nós imeachta reatha, sa teanga oibre dá dtagraítear i mír 1.
3. Beidh gach Páirtí freagrach as cinntí, moltaí agus doiciméid eile a aistriú go dtí a theanga oifigiúil féin nó a theangacha oifigiúla féin, má cheanglaítear amhlaidh de bhun an Airteagail seo, agus íocfaidh sé as caiteachas a bhaineann leis an aistriúchán sin.

Airteagal 14

Costais

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon chaiteachas a thabhóidh sé de thoradh é a bheith rannpháirteach i gcuinnithe an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin, maidir le caiteachas foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus maidir le caiteachas fisichomhdhálacha, teileachomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.
2. Is é an Páirtí a mbeidh an cruinniú á óstáil aige a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le heagrú cruinnithe agus atáirgeadh doiciméad.

3. Is é an Páirtí a mbeidh an cruinniú á óstáil aige a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta a chur ar fáil ag cruinnithe chun ateangaireacht a dhéanamh go teanga oibre an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin agus aisti.

Airteagal 15

Coistí speisialta nó comhlachtaí speisialta

1. Cuirfear Coistí speisialta nó comhlachtaí speisialta ar bun agus déanfar maoirseacht orthu i gcomhréir le hAirteagal 68(4)(a) den Chomhaontú chun déileáil leis na hábhair ar fad a tharmlig an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin chucu.
2. Cuirfear an Coiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin ar an eolas i scríbhinn faoi na pointí teagmhála arna n-ainmniú ag coistí speisialta nó comhlachtaí eile a bunaíodh faoin gComhaontú. Cuirfear gach comhfhreagras, doiciméad agus cumarsáid ábhartha idir pointí teagmhála gach coiste speisialta a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe ar aghaidh an tráth céanna chuig Rúnaíocht an Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin.
3. Tuairisceoidh na coistí speisialta agus na comhlachtaí speisialta don Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin maidir le torthaí, cinntí nó moltaí agus conclúidí ó gach cruinniú dá gcuid.
4. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na Rialacha Nós Imeachta reatha sna coistí speisialta agus sna comhlachtaí eile a bunaíodh faoin gComhaontú, mura gcinnfidh gach coiste speisialta agus comhlacht a mhalairt de bhun fhorálacha an Chomhaontaithe.

Airteagal 16

Leasuithe ar na Rialacha Nós Imeachta

Féadfar na Rialacha Nós Imeachta sin a leasú i scríbhinn le cinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin i gcomhréir le hAirteagal 11.